An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

Ciorclán 0074/2025

Chuig Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí Agus Baill Foirne Teagaisc I Mbunscoileanna

Rochtain do mhúinteoirí téarma shocraithe/do mhúinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do mhúinteoirí páirtaimseartha ar an bPainéal Forlíontach Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2026/27

Cuid 1

1. Réamhrá

Is é cuspóir an chiorcláin seo forbhreathnú a thabhairt ar na socruithe le haghaidh rochtain ar na painéil fhorlíontacha ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2026/27 do bhunmhúinteoirí cláraithe incháilithe atá i bpoist téarma shocraithe/i bpoist shealadacha (lena n-áirítear poist ionaid) agus i bpoist pháirtaimseartha i mbunscoileanna aitheanta.

2. Struchtúr na bPainéal

(i) Cruthaítear an Painéal Forlíontach do bhunmhúinteoirí incháilithe i bpoist téarma shocraithe/i bpoist shealadacha (lena n-áirítear poist ionaid) agus i bpoist pháirtaimseartha a chomhlíonann na critéir incháilitheachta ábhartha atá leagtha amach i gCuid 2 den chiorclán seo.

(ii) Bunófar an Painéal Forlíontach de réir na socruithe atá leagtha amach sa chiorclán seo agus úsáidfear é chun ceapacháin a dhéanamh chuig poist **bhuana** lánaimseartha teagaisc i mbunscoileanna. Ní dhéanfar amhlaidh ach amháin i gcás nach mbeidh na poist sin ag teastáil ar shlí eile chun ath-imlonnú múinteoirí buana barrachais agus múinteoirí barrachais a bhfuil conradh d'fhad éiginnte acu a éascú. Ba cheart d'iarratasóirí eolas a chur ar na socruithe le haghaidh oibriú an Phainéil Fhorlíontaigh Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2026/27.

(iii) Ní úsáidtear an Painéal Forlíontach chun poist téarma shocraithe a líonadh i scoileanna.

3. An próiseas iarratais ar rochtain ar na painéil

(i) Ní mór do mhúinteoirí incháilithe téarma shocraithe/do mhúinteoirí sealadacha incháilithe (lena n-áirítear múinteoirí ionaid incháilithe) agus do mhúinteoirí páirtaimseartha incháilithe ar mian leo iarratas a dhéanamh ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach an “Fhoirm Iarratais ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach don scoilbhliain 2026/27” a chomhlánú.

(ii) Maidir le múinteoirí atá á gcur ar an bPríomhphainéal Ath-imlonnaithe agus ar na Painéil Fhorlíontacha Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2026/27, tugtar deis dóibh

1. a chur in iúl (trí thicbhosca ar an bhfoirm iarratais) cé acu atá nó nach bhfuil spéis ar leith acu in ath-imlonnú chuig scoil a oibríonn trí mheán na Gaeilge

agus

2. a chur in iúl (trí thicbhosca ar an bhfoirm iarratais) cé acu atá nó nach bhfuil spéis ar leith acu in ath-imlonnú chuig scoil speisialta a oibríonn faoi phátrúnacht oibreoir painéil an mhúinteora (níl feidhm aige sin maidir le rang speisialta atá lonnaithe i ngnáthscoil).

(iii) Agus an fhoirm seo á comhlánú acu, iarrtar ar mhúinteoirí a fhéindearbhú ar an iarratas uathu go gcomhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta ábhartha atá leagtha amach i gCuid 2 den chiorclán seo. **Ní mór** foirmeacha iarratais ó mhúinteoirí a bheith comhlánaithe agus inléite ina n-iomláine.

(iv) Tabhair faoi deara go bhfuil incháilitheacht do Phainéal Forlíontach na bliana 2026/27 teoranta do na múinteoirí sin a bhfuil gach ceann de na coinníollacha atá amuigh comhlíonta acu ina n-iomláine/a bhfuil gach ceann de na heasnaimh comhlíonta acu ina n-iomláine maidir le clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta amhail an 19 Nollaig 2025.

(v) Ní mór gurb ionann ainm an phainéil agus an limistéar painéil inar cuireadh formhór na seirbhíse teagaisc isteach sa bhliain féilire 2025 nó an limistéar painéil ina bhfuil tú ag teagasc faoi láthair ar choinníoll go bhfuil tú ar conradh teagasc ón 19 Nollaig 2025, nó roimh an dáta sin, go deireadh na scoilbhliana 2025/26 (ar a laghad).

Chun críocha painéil, is ionann an scoil bhunáite agus an scoil atá lonnaithe sa limistéar painéil sin inar cuireadh formhór na seirbhíse teagaisc isteach sa bhliain féilire 2025 **nó** an scoil a bhfuil an t-iarratasóir ar conradh teagasc inti an 19 Nollaig 2025, nó roimh an dáta sin, go deireadh na scoilbhliana 2025/26.

Más rud é, le linn na bliana féilire 2025, gur oibrigh iarratasóir i scoileanna atá lonnaithe i níos mó ná limistéar painéil amháin (e.g. scoileanna in dhá dheoise éagsúla), ní mór an t-iarratas ar chuimsiú ar phainéal a bheith ag baint leis an limistéar painéil inar cuireadh formhór na seirbhíse isteach sa bhliain féilire 2025 **nó** sa limistéar painéil ina bhfuil an t-iarratasóir ag teagasc faoi láthair ar choinníoll go bhfuil sé/sí ar conradh teagasc sa limistéar painéil sin an 19 Nollaig 2025, nó roimh an dáta sin, go deireadh na scoilbhliana 2025/26.

I gcás gur oibrigh múinteoir i níos mó ná limistéar painéil amháin, ní fhéadfaidh an múinteoir an limistéar painéil atá roghnaithe aige/aici a athrú tar éis dó/di an fhoirm iarratais a chur isteach.

(vi) Chun an próiseas iarratais a shimpliú, úsáidfidh an Roinn an Párolla atá ann cheana agus faisnéis ábhartha eile atá á coinneáil go lárnach sa Roinn chun na coinníollacha incháilitheachta a sheiceáil.

(vii) Ní mór do gach múinteoir atá ag déanamh iarratas ar rochtain ar phainéil ath-imlonnaithe a seoladh ríomhphoist teagmhála a thabhairt i bhformáid inléite shoiléir ar mhaithe le hoibriú éifeachtúil na bpainéal a éascú. Úsáidfidh bunscoil an seoladh ríomhphoist sin mar phríomh-mhodh teagmhála le múinteoir.

(viii) Ní mór foirmeacha comhlánaithe a bheith faighte ag an Roinn faoi **5pm Dé hAoine an 19 Nollaig 2025** nó roimh an dáta sin ag an seoladh seo a leanas:

Rannóg na Leithdháiltí Bunmhúinteoirí
An Roinn Oideachais
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

Tabhair faoi deara le do thoil nach nglacfar ach le foirmeacha iarratais tríd an bpost.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mbreithneofar iarratais dhéanacha lena gcuimsiú ar na painéil seo in imthosca ar bith. Ba cheart don mhúinteoir cruthúnas ar phostas a choinneáil.

(ix) Tá sé de rún ag an Roinn fógra a thabhairt d'iarratasóirí faoin toradh ar an iarratas uathu faoin Bealtaine 2026 nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

4. Na nósanna imeachta a chuirfear i gcrích tar éis duine a chur ar an bpainéal

(i) Déanfar seiceálacha tráth an cheapacháin i leith na múinteoirí sin atá á gceapadh ó na painéil chuig poist bhuana. Dá bhrí sin, ba cheart do scoileanna agus do mhúinteoirí a thabhairt faoi deara gur féidir go gcuirfear ceapachán atá beartaithe ó bhail mar thoradh ar an bpróiseas seiceála sin.

(ii) Maidir le múinteoirí a chuirfear ar an bPainéal Forlíontach agus a gheobhaidh post teagaisc don scoilbhliain 2026/27, ní mór dóibh fógra a thabhairt don oibreoir painéil faoi sin láithreach trí ríomhphost agus ní mór dóibh an Fhoirm um an bPainéal Forlíontach a Athrú Chun Dáta a chomhlánú chun fógra a thabhairt don Roinn faoi sin chun go mbainfear a n-ainm den Phainéal Forlíontach.

(iii) Maidir le múinteoirí a chuirfear ar an bPainéal Forlíontach agus a chinnfidh an painéal a fhágáil ar chúis ar bith, ní mór dóibh fógra a thabhairt don oibreoir painéil faoi sin agus ní mór dóibh an Fhoirm um an bPainéal Forlíontach a Athrú Chun Dáta a chomhlánú chun fógra a thabhairt don Roinn faoi sin láithreach. Ba cheart do mhúinteoirí den sórt sin a thabhairt faoi deara nach bhféadfar iad a athchur ar an bPainéal Forlíontach ina dhiaidh sin.

5. Fógra a thabhairt do bhaill foirne i do scoil faoin gciorclán

Tarraing aird aon bhall foirne ábhartha i do scoil ar a bhfuil sa chiorclán seo.

6. Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar oibriú na socruithe seo in éineacht leis na geallsealbhóirí ábhartha oideachais ag deireadh na bliana 2026 chun a fháil amach cé na hathruithe, más ann dóibh, is gá a dhéanamh orthu do scoilbhlianta amach anseo.

7. Ceisteanna

Díríonn Rannóg Leithdháiltí Múinteoirí na Roinne go príomha ar an bpróiseas leithdháileadh múinteoirí agus ar na príomhphainéil ath-imlonnaithe a ullmhú do mhúinteoirí buana agus do mhúinteoirí a bhfuil conradh d'fhad éiginnte acu.

Mar sin, tá acmhainn an-teoranta aici déileáil le ceisteanna ó dhaoine aonair i dtaca leis an gciorclán seo.

Is trí ríomhphost amháin ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas a dhéileálfar le ceisteanna den sórt sin, de réir mar is cuí: supplementarypanel@education.gov.ie

Tabhair faoi deara nach ndéanfar an dáta deiridh, is é sin, Dé hAoine an 19 Nollaig 2025, a fhadú in imthosca ar bith.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí

Samhain 2025

Cuid 2

Critéir Incháilitheachta do rochtain ar an bPainéal Forlíontach

Ní mór do mhúinteoirí téarma shocraithe/do mhúinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus do mhúinteoirí páirtaimseartha ar mian leo iarratas a dhéanamh ar rochtain ar an bPainéal Forlíontach gach ceann de na critéir incháilitheachta atá liostaithe thíos a chomhlíonadh.

1. Clárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Múinteoirí téarma shocraithe/múinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha a bhfuil, faoin 19 Nollaig 2025:

- clárú iomlán a bheith agat (cláraithe gan choinníollacha) leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Alt 31(5) d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta 2001 - 2012, Bealach 1/ Rialachán 2 'Bunoideachas'

nó

- i gcás múinteoirí téarma shocraithe/múinteoirí sealadacha (lena n-áirítear múinteoirí ionaid) agus múinteoirí páirtaimseartha a cláraíodh go huathoibríoch sa bhliain 2006, a bhfuil clárúchán mar Bhunmhúinteoirí acu leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi alt 31(2) agus 31(3) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta agus atá lánchláilithe tar éis gach easnamh, más ann dóibh, arna sainaithint ag an Roinn Oideachais a chomhlíonadh

Tabhair faoi deara gurb é atá i gceist le clárúchán iomlán ná promhadh/Droichead a chur i gcrích, ceardlanna ionduchtúcháin a chur i gcrích agus aon easnaimh ó thaobh cáilíochtaí/an cheanglais Ghaeilge de agus aon easnaimh eile a chomhlíonadh, nuair is infheidhme.

Ní mór d'iarratasóirí cóip dá gClárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta a thaispeánann dáta a gcláraithe iomláin a chur faoi iamh lena bhfoirm iarratais don bPainéal Forlíontach.

2. Ceanglais Tuarastail

Tá dhá scála tuarastail ann faoina bhféadfar múinteoir bheith incháilithe, i.e.

1. Múinteoirí a ndearnadh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil roimh an 1 Eanáir 2011

2. Múinteoirí a ndearnadh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil tar éis an 1 Eanáir 2011

1. <u>Ní mór do mhúinteoirí a ndearnadh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil roimh an 1 Eanáir 2011 a bhfuil i bpointe (i) agus a bhfuil i bpointe (ii) nó (iii) thíos a chomhlíonadh</u>

(i) ní mór gur íocadh olltuarastal €36,750 ar a laghad (lena n-áirítear liúntais) leo sa bhliain fhéilire 2025

agus

(ii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin, ar an 5ú pointe nó ar phointe níos airde ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí (nó ar an 6ú pointe nó ar phointe níos airde i gcás múinteoirí a thosaigh ar an 3ú pointe ar an scála tuarastail)

nó

(iii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin, ar an 4ú pointe ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí (nó ar an 5ú pointe i gcás múinteoirí a thosaigh ar an 3ú pointe ar an scála tuarastail) agus ní mór dóibh freisin bheith, **<u>an 19 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin</u>**, ar conradh chun teagasc **ar feadh na coda eile den scoilbhliain 2025/26**.

2. **<u>Ní mór do mhúinteoirí a ndearnadh a gcéad cheapachán teagaisc i scoil tar éis an 1 Eanáir 2011 a bhfuil i bpointe (i) agus a bhfuil i bpointe (ii) nó (iii) thíos a chomhlíonadh</u>**

(i) ní mór gur íocadh olltuarastal €33,400 ar a laghad (lena n-áirítear liúntais, dá mba ann dóibh) leo sa bhliain fhéilire 2025

agus

(ii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin, ar an 4ú pointe nó ar phointe níos airde ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí

nó

(iii) ní mór dóibh bheith, an 31 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin, ar an 3ú pointe ar scála tuarastail ábhartha na múinteoirí agus ní mór dóibh freisin bheith, **<u>an 19 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin</u>**, ar conradh chun teagasc **ar feadh na coda eile den scoilbhliain 2025/26**.

Tabhair faoi deara, le do thoil, gur féidir le múinteoirí a dtuilleamh a sheiceáil trí rochtain a fháil ar “Mo Chuntas” de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Léireoidh an ráiteas tuillimh, faoi uimhir fostóra na Roinne Oideachais 4000099H olltuilleamh carnach ón 1 Eanáir go dtí seo.

Mar achoimre, ní mór do gach iarratasóir na critéir thuarastail atá liostaithe thíos a chomhlíonadh an 31 Nollaig 2025 nó roimh an dáta sin:

Dáta do chéad cheapacháin	SCÁLAPHOINTE TOSAIGH	An scálaphointe íosta ar a mbeidh tú faoin 31/12/2025 gan ghá le conradh	Más rud é go mbeidh tú ar na scálaphointí thíos faoin 31/12/2025, ní mór conradh a bheith agat a mhairfidh ón 19 Nollaig 2025 go deireadh na scoilbhliana 2025/26 ar a laghad	Olltuarastal íosta (lena n-áirítear liúntais) a tuilleadh sa bhliain féilire 2025
Múinteoirí a ndearnadh a gcéad cheapachán teagaisc roimh an 1 Eanáir 2011	2	5	4	€36,750
	3	6	5	€36,750
Múinteoirí a ndearnadh a gcéad cheapachán teagaisc tar éis an 1 Eanáir 2011	1	4	3	€33,400

3. Comhaontú Bhóthar Haddington

Tabhair faoi deara go measfar múinteoir a bheith incháilithe do rochtain ar an bPainéal Forlíontach i gcás go mbeidh an reo/na reonna breisíochta trí mhí atá i bhfeidhm faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington ar an aon chúis amháin nach gcomhlíonann sé/sí na critéir scálaphointe.

4. Seirbhís nach bhfuil ináirithe do Phainéil Fhorlíontacha

Ní mór d'iarratasóirí a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais cé acu a bhí nó nach raibh tionchar ag seirbhís bhuan agus/nó ag creidmheas breisíoch, mar atá leagtha amach sa tábla thíos, ar a scálaphointe tuarastail reatha.

Seirbhís ináirithe is incheadaithe chun rochtain a fháil ar an bPainéal Forlíontach is ea seirbhís mar mhúinteoir lánchláithe i bpost a n-íocann an Roinn Oideachais as, **ach amháin** i gcás na gcineálacha seirbhíse atá leagtha amach sa tábla thíos:

Seirbhís bhuan roimhe/seirbhís roimhe ar chonradh d'fhad éiginnte *
Seirbhís roimhe mar mhúinteoir iar-bhunscoile
Creidmheas breisíoch
Léimeanna breisíochta mar thoradh ar an mBeart Pá d'Iontrálaithe Nua sa bhliain 2018
Incrimint a fágadh ar lár (Pointe 12) mar gheall ar chomhaontú Ag Dul Ó Neart Go Neart
Seirbhís neamhcháilithe

* Ní chuirtear ach seirbhís ináirithe ó dháta deireanach na seirbhíse buaine/na seirbhíse ar chonradh d'fhad éiginnte san áireamh ar mhaithe leis na critéir incháilitheachta do rochtain ar an bPainéal Forlíontach a chomhlíonadh. Chun go measfar go gcomhlíonann múinteoirí an critéar incháilitheachta scálaphointe, ní mór trí bhreisíocht a bheith tuillte acu ó dháta deireanach na seirbhíse buaine/na seirbhíse ar chonradh d'fhad éiginnte. Nó, ina mhalairt de chás, ní mór dhá bhreisíocht a bheith tuillte acu ó dháta deireanach na seirbhíse buaine/na seirbhíse ar chonradh d'fhad éiginnte agus, má tá siad ag obair le trí bliana anuas (ó d'éirigh siad as an bpost buan/as an bpost ar chonradh d'fhad éiginnte), ní mór dóibh bheith ar conradh chun teagasc ón 19 Nollaig 2025 go deireadh na scoilbhliana 2025/26.

5. Múinteoirí ar Chonradh Páirtaimseartha

Maidir le múinteoirí atá ar chonradh páirtaimseartha agus ar mian leo go ndéanfaí breithniú ar rochtain a thabhairt dóibh ar an bpainéal, ní mór dóibh na critéir chéanna incháilitheachta atá leagtha amach i bPointe 2 thuas a chomhlíonadh. Déanfar an tairseach tuarastail don bhliain 2025 (€36,750 nó €33,400, de réir mar is cuí) a choigeartú ar bhonn pro rata i leith múinteoirí páirtaimseartha den sórt sin, áfach. Déanfaidh an Roinn é sin ar bhonn cáis

i leith gach iarratais a gheofar ó mhúinteoirí páirtaimseartha a chomhlíonann na ceanglais incháilitheachta uile ar shlí eile.

6. Múinteoirí a thóg saoire mháithreachais/uchtaíoch / Saoire Tuismitheoirí sa bhliain 2025

Déanfar an tairseach tuarastail a choigeartú ar bhonn cáis i leith múinteoirí a bhí ar shaoire mháithreachais/uchtaíoch le linn na bliana 2025.

7. Scálaphointí Tuarastail

Tá scálaphointe tuarastail breisíoch an mhúinteora le feiceáil ar dhuillín pá reatha. Tá na scálaphointí tuarastail breisíocha do bhunmhúinteoirí ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne: gov.ie - Scálaí Tuarastail (www.gov.ie)